

7. Clár Gardai/Promhóirí Faoi Oiliúint

Cuirtear an clár oiliúna do Ghardaí/Promhóirí Faoi Oiliúint ar fáil thar 104 seachtain agus gheobhaidh an té a chuirfear faoi oiliúint BA i bPóilíneacht Fheidhmeach dá bharr. Roinntear an oiliúint i dtrí céim;

Céim I: Maireann Céim I ar feadh 34 seachtaine lena n-áirítear coicís saoire.

Beidh Gardaí Faoi Oiliúint ag cur fúthu ag Coláiste na nGardaí, An Teampall Mór. Co. Thiobraid Árann - ó Luan go hAoine agus an dá lá sin san áireamh. Gheobhaidh siad liúntas oiliúna €184 in aghaidh na seachtaine. Ar oiliúint Céim I a chur i gcrích go rathúil tabharfar deimhniú don Gharda Faoi Oiliúint agus rachaidh sé/sí ar aghaidh go dtí Céim II dá gcuid oiliúna. Beidh an Garda Faoi Oiliúint ina Gharda Promhóra anois agus ceapfar é/í mar bhall den Gharda Síochána.

Céim II: Maireann Céim II ar feadh 34 seachtaine ar fad. Is céim oibríochta a bheidh i gCéim II áit a gcuirfidh an Garda Promhóra nua-cheaptha tús le hoiliúint sa réimse oibríochta ag Stáisiún Gardaí ainmnithe. Oibreoidh sé/sí i dteannta Garda a bheidh sannta chun cuidiú leis.

Céim III: Tá Céim III féinrialaitheach go hiomlán. Sa chéim seo den oiliúint, oibreoidh an Garda Promhóra go neamhspleách.

Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go n-iarrtar ar bhaill den Gharda Síochána freastal ag aon stáisiún nó ionad laistigh den Stát faoi lánrogha an Choimisinéara.

8. Scála pá (rátaí 1 Eanáir 2018)

Scála Tuarastail €29,699 – €51,963. Beidh feidhm le liúntais eile, agus ragobair.

Chun tuilleadh faisnéis mhionsonraithe a fháil tabhair cuairt ar www.garda.ie nó www.publicjobs.ie nó www.careersportal.ie.



Bileog Eolais maidir le hEarcaíocht



Réamhrá

Bunaíodh an Garda Síochána i mí Feabhra 1922. Tá Ceannteathrú an Gharda Síochána lonnaithe i bPáirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8. Tá Coimisinéir an Gharda Síochána freagrach as treo agus smacht ginearálta an Gharda Síochána agus is é an Rialtas a cheapfaidh an Coimisinéir.

1. Coinníollacha i gcomhair Iontrála – Incháilitheacht

Tá na sonraí iomlána ar fáil ar www.garda.ie ach seo léargas breise thíos.

D'fhonn a bheith incháilithe mar Gharda faoi Oiliúint, ní mór d'iarratasóir:

- Dea-charachtar a bheith aige/aici
- A bheith 18 mbliana d'aois ach gan a bheith 35 bliain d'aois ag meán oíche ar spriodhata an chomórtais.
- (a) A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach, **nó**
(b) A bheith ina náisiúnach de Stát sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch nó an Chónaidhm Eilvéiseach; **nó**
(c) A bheith ina Dhídeanaí faoi Acht na nDídeanaithe, 1996; **nó**
(d) A bheith ina chónaí go leanúnach sa Stát ar feadh tréimhse bliana ar spriodhata an fhógra i gcomhair an chomórtais don fholúntas dá mbaineann an iontráil, agus i rith na n-ocht mbliana díreach roimh an tréimhse sin, agus cónaitheacht iomlán de ceithre bliana a bheith aige sa Stát;
(e) A bhfuil cosaint choimhdeach deonaithe air, nó gur ball teaghlaigh de dhuine den sórt sin é/í, i gcomhlíonadh na Rialachán maidir le hIontrálacha agus Ceapacháin 2013.
- (vi) A bhfuil faoin spriodhata:
 - (a) Ardteistiméireacht bainte amach aige le grád D3 ar a laghad i gcúig ábhar ag Gnáthleibhéal*, nó
 - (b) Teastas Leibhéal 5 aige (Mórdhámhachtain ar an gCreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí, nó

(c) cáilíocht aitheanta (ag leibhéal 5 nó níos mó), a mheastar inchomparáide leis an méid thuas i dtéarmaí leibhéil agus an méid foghlama arna chinneadh ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)

AGUS

(d) Ní mór dó inniúlacht chruthaithe a bheith aige in **dhá theanga; agus caithfidh Gaeilge nó Béarla a bheith ar cheann acu sin.** Féadfar inniúlacht den sórt sin a chruthú ach na gráid ábhartha a bhaint amach i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta nó i gcás Béarla agus Gaeilge trí mheasúnuithe a dhéanamh mar atá leagtha síos ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.

*Ní mheastar ábhair a tógadh ag Bonnleibhéal na hArdteistiméireachta a bheith coibhéiseach le haghaidh iontrála sa chomórtas seo.

I gcásanna áirithe d'fhéadfaí Pas san Ardteistiméireacht Fheidhmeach a mheas mar ábhar atá coibhéiseach le Gnáthleibhéal san Ardteistiméireacht. Ina theannta sin, ní mór d'iarratasóirí inniúlacht chruthaithe a bheith acu in dhá theanga.

Ní gá d'iarratasóir a bheith airde faoi leith toisc go gcaithfidh gach iarratasóir dul faoi Scrúdú Acmhainn Choirp.

2. Spéis a Léiriú

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bhainistíonn próiseas na n-iarratas agus na chéad chéimeanna roghnúcháin den fheachtas thar ceann Choimisinéir na nGardaí.

Chun do spéis a léiriú ní mór duit “Cuntas Úsáideora” a bheith agat ar www.publicjobs.ie. Mura ndearna tú é sin cheana, ní mór duit clárú mar ‘**Úsáideoir Nua**’ chun do Phróifíl a chruthú (cláraigh Cuntas Nua). Nuair a bheidh tú cláraithe, féadfaidh tú foláireamh maidir le folúntais laistigh den Gharda Síochána a shocrú. Sa rannán “Cruthaigh Foláireamh Poist” faoi Catagóir Poist roghnaigh “Seirbhísí Slándála/Éigeandála” agus an Fho-chatagóir “Garda” ansin “Cuir foláireamh leis”. Níor cheart d'iarratasóirí míthuiscint a bheith orthu idir clárú (Próifíl a Chruthú) agus foláireamh poist a chruthú agus iarratas a chur isteach. A luaithe is a fhógraítear an post ní mór duit ansin an fhoirm iarratais a rochtain, í a chomhlánú agus a chur isteach.

3. Forbhreathnú ar an bpróiseas roghnaithe reatha le haghaidh Gardaí Faoi Oiliúint

Céim 1 - Measúnuithe Ar Líne (gan mhaoirseacht) - PAS

Céim 2 - Ionad Measúnaithe (scrúdú/cleachtaí faoi mhaoirseacht) - PAS

Céim 3 - Agallamh agus Measúnuithe Eile e.g. Scrúduithe Teanga - PAS

Céim 4 - Imréiteach an Gharda Síochána i.e. Grinnfhiosrúchán, Scrúdú Acmhainn Choirp, Scrúdú Dochtúra etc.

4. Grinnfhiosrúchán

Iarrtar ar iarratasóirí a nglaoitear orthu chuig an gcéim Agallaimh sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Foirm Iarratais B a íoslódáil, í a chomhlánú agus í a thabhairt leo chuig a n-agallamh. Úsáidfear Foirm B chun seiceálacha cúlra a dhéanamh. Seiceálfaidh ball foirne den Gharda Síochána í ar lá an agallaimh.

Caitear sonraí a chur ar an bhfoirm seo lena n-áirítear Sonraí Pearsanta, Seoltaí Reatha/Roimhe Seo (lena n-áirítear sealadach), Teaghlach (lena n-áirítear daoine nach maireann), Oideachas, Fostaíocht, agus Moltóirí. Ní mór an dearbhú ar an bhfoirm a shíniú i láthair ball foirne den Gharda Síochána ar lá an agallaimh. Má theipeann ar dhuine na ceisteanna go léir a fhreagairt ina n-iomlán beidh moill i gceist nó ní dhéanfar d'iarratas a phróiseáil.

Déanann an Garda Síochána grinnfhiosrúchán ar iarratasóirí a n-éiríonn leo sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. Iarrtar freisin ar iarratasóirí freastal ar agallaimh le Sáirsint agus Ceannfort sa Cheantar iomchuí.

5. An Scrúdú Acmhainn Choirp

Iarrtar ar iarratasóirí a bheidh aclaí go haeróbach ionas go mbeidh siad in ann dul faoi oiliúint go sábháilte agus chun na dualgais a shannfar dóibh a chur i gcrích ina dhiaidh sin. Faoi réir ag próiseas cuimsitheach scagtha arna dhéanamh ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun a n-oiriúnacht ghinearálta a leagan síos, iarrfar ar iarratasóirí rathúla dul faoi Scrúdú Acmhainn Choirp. Tá físeán ina dtaispeántar an Scrúdú Acmhainn Choirp agus mioneolas faoi ar fáil ar shuíomh gréasáin an Gharda Síochána www.garda.ie.

Ní cheadaítear imeacht ó fhormáid an scrúdaithe agus ní dhéanfar aon athrú air sin.

Tá maolú ag an nGarda Síochána faoi Chuid 5 den Acht Míchumais 2005.

6. Scrúdú Dochtúra

Faoi réir an Scrúdú Acmhainn Choirp a bheith curtha i gcrích go rathúil, iarrfar ar iarratasóirí freisin dul faoi mionscrúdú dochtúra a dhéanfaidh Liachleachtóir Cláraithe ag an tSeirbhís Sláinte Ceirde, Ceannteathrú an Gharda Síochána, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath 8. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar www.garda.ie.